# Léiríonn do thoradh ainéaras aortach boilg (AAA) mór a d'fhéadfadh go mbeidh máinliacht de dhíth air



## Cad a tharlaíonn anois?

Public Health Agency

AAA Screening

## Do thoradh scagthástála


Fuair muid amach go bhfuil cuid de d'aorta i bhfad níos leithne ná mar is gnách. **Ciallaíonn sé seo go bhfuil ainéaras aortach boilg (AAA) mór agat a d'fhéadfadh go mbeidh cóireáil de dhíth air - máinliacht de ghnáth.**

Bíonn AAB mór ar thart ar fhear amháin as 1000 a ndéantar scagthástáil orthu. Is beagnach cinnte go raibh an riocht seo ann le tamall anuas, ag forbairt go han-mhall.

## Cad atá i gceist leis an bhileog seo?

Sa bhileog seo, gheobhaidh tú eolas ar:

- cad is AAB ann
- cad is brí le do thoradh scagthástála AAB
- cad iad na tástálacha nó an chóireáil eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait.




Léaráid le caoinchead Chlár Scagthástála AAB NHS Shasana


## Cad is AAB ann?

Is é an t-aorta an príomhartaire a sholáthraíonn fuil do do chorp. Téann an t-aorta ó do chroí síos trí do chliabhrach agus bolg.

De réir mar a éiríonn roinnt daoine níos sine, is féidir le balla an aorta sa bholg éirí lag agus líonadh chun ainéaras a dhéanamh, giota áit cosúil le boilsc i seanbhonn cairr. Tugtar ainéaras aortach boilg air seo.

Bíonn ainéaras i gceist má tá cuid den aorta laistigh den bholg 30 mm ar leithead nó níos leithne. Ó am go chéile d'fhéadfadh AAB fás go 55 mm nó níos leithne. Is AAB mór é seo. Ag an phointe seo, tá baol suntasach ann go bpléascfaidh an balla artaire agus go mbeidh sé ag cur fola isteach sa bholg. Is éigeandáil thromchúiseach í seo.

| | |
|---|---|
| **AAB beag** | 30 mm - 44 mm |
| **AAB meánach** | 45 mm - 54 mm |
| **AAB mór** | 55 mm nó níos mó |




## Cén fáth a bhfaighimid AABanna?

Braitheann an baol go bhfaighfeá AAB ar d'aois agus ar do ghéinte. Bíonn AAB ar thart ar fhear amháin as 80 atá 65 bliain d'aois i dTuaisceart Éireann. Méadaíonn an baol go mbeadh AAB ort má tá, nó má bhí, ainéaras aortach boilg ar do dheartháir, do dheirfiúr nó do thuismitheoir.

Is eol go mbíonn AABanna níos mó agus go méadaítear an riosca a bhaineann leo le caitheamh tobac, colaistéaról ard agus brú fola ard.

## An bhfuil AAB mór tromchúiseach?

**Tá AAB mór tromchúiseach** mar is féidir le balla an aorta pléascadh de réir mar a shíneann sé. Mar thoradh ar ainéaras pléasctha bíonn fuiliú inmheánach tromchúiseach, a d'fhéadfadh a bheith marfach.

## Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Déanfaidh altraspeisialtóir soithíoch teagmháil leat laistigh de lá oibre amháin ó do dhiagnóis. Tabharfaidh siad comhairle duit maidir le do shláinte ghinearálta agus conas a d'fhéadfadh coinníollacha eile dul i bhfeidhm ar do aneurysm.

**Má tá aon imní láithreach ort, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hoifig an chláir scagthástála ar 028 9615 1212. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir teaghlaigh fosta.**

Seolfar litir chugat le coinne chun bualadh le foireann speisialtóirí (foireann shoithíoch otharlainne) a chuirfidh sainchomhairle ar fáil duit agus a dhéanfaidh measúnú ort le haghaidh máinliachta. Is iondúil go ndéanfar an coinne seo laistigh de choicís ó do scanadh. **Cinntigh le do thoil go bhfuil tú ar fáil le linn na tréimhse seo** agus athraigh aon phleananna taistil a d'fhéadfadh a bheith agat. Má athraíonn tú do sheoladh idir an dá linn, cuir é sin in iúl d'oifig an chláir scagthástála ar 028 9615 1212.

Scríobhfaimid chuig do dhochtúir teaghlaigh fosta le toradh do scanta. Cuirfear do choinne leis an fhoireann speisialtóirí in iúl dóibh nuair a eagrófar é.

## Garghaolta

Ba chóir duit a chur in iúl d'aon deartháireacha, deirfiúracha nó leanaí go gciallaíonn do AAB go bhfuil riosca ann dóibh fosta. Is féidir leo ceist a chur ar a ndochtúir teaghlaigh faoin fhéidearthacht scanadh a iarraidh agus iad 5 bliana níos óige ná an aois ag a bhfuarthas do AAB.




## Tiomáint

Tiománaithe cairr agus gluaisrothaithe:

- Ní mór duit an DVA a chur ar an eolas má fhásann do AAA go 60 mm nó níos leithne.
- Cuirfear ar fionraí thú ó bheith ag tiomáint má éiríonn sé 65 mm ar leithead nó níos mó.

Tiománaithe tacsaí, mionbhus, bus, cóiste, leoraí agus HGV:

- **Ní mór duit an DVA a chur ar an eolas má tá AAB agat de mhéid ar bith.**
- Cuirfear ar fionraí thú ó bheith ag tiomáint má éiríonn sé 55 mm ar leithead nó níos leithne.

Cuir ceist ar do dhochtúir nó ar do lia comhairleach mura bhfuil tú cinnte.

Féadfar gach ceadúnas a chur ar ais nuair a éiríonn le cóireáil don ainéaras.

### Árachas a bhaineann le Sláinte

Mar aon le haon riocht sláinte, **ba chóir duit d'árachóirí a chur ar an eolas a luaithe is féidir**, lena n-áirítear do sholáthraí árachais taistil.

## Cad a tharlaíonn ag an choinne leis an fhoireann speisialtóirí?

Déanfaidh na speisialtóirína rudaí seo a leanas:

- cuirfidh siad ceist ort faoi do stair leighis
- déanfaidh siad scrúdú ar do bholg
- is ftéidir go n-eagróidh siad tástálacha breise ar do chroí, ar na scamhóga agus ar na duáin chun do shláinte ghinearálta a mheas
- labhróidh siad leat faoi na rioscaí agus na buntáistí a bhaineann le máinliacht.

Tar éis do na speisialtóirí measúnú a dhéanamh ort, d'fhéadfaí obráid a thairiscint duit chun do AAB mór a chóireáil. Tabharfar comhairle don líon beag fear nach bhfuil oiriúnach le haghaidh máinliachta maidir le stíl mhaireachtála níos sláintiúla agus beidh deis acu aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu a chur ar na speisialtóirí.

## Cad a tharlaíonn san obráid?

Maidir le AAB mór a aimsítear trí scagthástáil, d'fhéadfadh go mbeadh máinliacht boilg mhór de dhíth nó uaireanta d'fhéadfadh go gcuifear steintín isteach trí ghearradh beag sa bhléin. Ní mór fanacht san otharlann don obráid agus de ghnáth bíonn sí an-éifeachtach.

## An gá dom obráid a bheith agam?

I gcás an chuid is mó de na fir a fhaigheann diagnóis AAB mór, is í an mháinliacht an chóireáil is éifeachtaí, ach is é do rogha obráid a bheith agat. Mura mian leat obráid a bheith agat, pléifidh na speisialtóirí é seo leat.

## An bhfuil aon rioscaí ann maidir le hobráid a bheith agat?

Bíonn rioscaí suntasacha ag baint le máinliacht AAB, mar a bhíonn le haon obráid mhór. Ar an mheán, maireann 98% d'fhir an mháinliacht. Bíonn an dóchúlacht go dtiocfaidh biseach ort i bhfad níos mó le mianliacht ná má dhéantar neamhaird ar an riocht agus má phléascann an t-ainéaras níos faide ar aghaidh. Bíonn fuiliú inmheánach tromchúiseach mar thoradh ar ainéaras pléasctha, rud atá marfach in 8 as 10 gcás.

## Cad a tharlaíonn mura bhfuil obráid agam?

I gcás líon beag fear, d'fhéadfadh rioscaí an-ard a bheith ag baint le hobráid. Is iondúil go dtarlaíonn sé seo nuair a bhíonn riochtaí tromchúiseacha leighis eile orthu. Sna cásanna seo, b'fhéidir nach mbeadh máinliacht don ainéaras oiriúnach agus is é an chomhairle is fearr ná stíl mhaireachtála níos sláintiúla a bheith agat. D'fhéadfadh impleachtaí níos mó a bheith ag AAB mór atá aimsithe a fágadh gan chóireáil, mar shampla maidir le tiomáint (féach an leathanach roimhe seo).

## An féidir liom aon rud a dhéanamh chun stop a chur leis an AAB ag éirí níos mó?

D'fhéadfadh stíl mhaireachtála níos folláine moill a chur ar fhás do ainéarais. D'fhéadfadh na moltaí ginearálta seo a leanas a bheith cuidiúil, go háirithe má tá seans ann go mbeidh máinliacht de dhíth:

- Má chaitheann tú tobac, cuir stad leis. Gabh chuig **www.stopsmokingni.info** chun eolas agus comhairle a fháil maidir le stad a chur le tobac a chaitheamh, agus sonraí a fháil maidir leis an tseirbhís shaor in aisce is gaire duit chun tacú leat stad a chur leis an chaitheamh.
- I ndiaidh duit toradh AAB a fháil, eagraigh cuairt ar do dhochtúir teaghlaigh chun d'airde, do mheáchan agus do bhrú fola a sheiceáil.
- Bíodh aiste bia shláintiúil chothrom agat agus laghdaigh an méid bia sailleach a itheann tú. Gabh chuig **www.choosetolivebetter.com** le haghaidh tuilleadh eolais agus comhairle.
- Má tá tú róthrom, déan iarracht meáchan a chailleadh.
- Má ólann tú alcól, laghdaigh an méid a ólann tú.

## Conas a úsáidfear m'fhaisnéis scagthástála AAB?

Coimeádfaidh clár scagthástála AAB i dTuaisceart Éireann taifead de d'fhaisnéis scagthástála phearsanta lena n-áirítear torthaí tástála agus íomhánna scanta. Féadfaidh baill foirne atá ag obair don chlár do thaifid a fheiceáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Coinneofar aon fhaisnéis a bhaineann leat faoi rún daingean.

Úsáidfear an t-eolas chun monatóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht an chláir agus ar shaineolas na foirne scagthástála. Is cuid thábhachtach é seo d'aon chlár scagthástála. Is féidir é a úsáid fosta chun críocha iniúchta, taighde, oideachais agus oiliúna laistigh de Chúram Sláinte agus Sóisialta. Má tharlaíonn sé seo, bainfear do shonraí aitheantais pearsanta.

### Tá sé tábhachtach go bhfuil tú ar an eolas faoi aon chomharthaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil AAB i ndiaidh pléascadh

**Má tá diagnóis agat go bhfuil AAB mór ort agus má tá siomptóim nua de phianta boilg agus/nó pian in íochtar do dhroma ort atá dian, leanúnach ba chóir duit cabhair leighis láithreach a lorg i roinn éigeandála.** Déan cinnte go gcuireann tú in iúl d'aon fhoireann leighis go bhfuil AAB ort a aimsíodh trí scagthátáil.

Má dhéanann tú teagmháil le gairmí sláinte ar chúis ar bith eile, ba chóir duit cur in iúl dóibh arís go bhfuil AAb mór ort a aimsíodh trí scagthástáil.

## Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Le haghaidh tuilleadh eolais nó chun an bhileog seo a fháil i dteanga nó i bhformáid eile:

- glaoigh ar oifig chlár scagthástála AAB ar **028 9615 1212**;
- tabhair cuairt ar na láithreáin gréasáin: **www.nidirect.gov.uk/aaa** agus **www.publichealth.hscni.net**
- déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh.

Is féidir leat eolas agus tacaíocht a fháil fosta ón Circulation Foundation, carthanacht sa Ríocht Aontaithe do dhaoine a bhfuil galair shoithíocha orthu. Tabhair cuairt ar a láithreán gréasáin ag: **www.circulationfoundation.org.uk**

HSC Public Health Agency

Abdominal Aortic Aneurysm Screening

**Public Health Agency**
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Teileafón: 0300 555 0114 (ráta áitiúil).
www.publichealth.hscni.net

Faigh sinn ar:

Irish 05/23